


Plean Straitéiseach 2021 – 2025

Ag cur torthaí níos fearr ar fáil d'othair trí tháirgí sláinte a rialáil go comhoibríoch



Réamhrá

Leagtar amach ár n-uaimhian don chéad chúig bliana atá romhainn sa Phlean Straitéiseach seo torthaí níos fearr a bhaint amach do dhaoine agus d'ainmhithe trí rialáil atá dírithe ar luach a bhaint amach agus trí chomhpháirtíochtaí.

Is príomhthéama den straitéis cúig bliana seo cur leis na comhpháirtíochtaí atá againn cheana le daoine eile. Is léir ón dá dhúshlán a bhaineann leis an mBreatimeacht agus le Covid an gá agus an luach a bhaineann le bheith ag obair i gcomhar ar fud na hEorpa agus go hidirnáisiúnta, leis an gcóras sláinte in Éirinn, agus le hothair agus leis an bpobal. D'fhéadfadh a bheith ag obair le gníomhaireachtaí náisiúnta, comhlachtaí gairmiúla agus le grúpaí othar cuidiú linn dul i mbun rialáil níos éifeachtaí agus riachtanais an chórais sláinte á nglacadh san áireamh, agus d'fhéadfadh ár n-ionchur i gcodanna ábhartha den chóras tionchar a imirt ar úsáid shábháilte tháirgí leighis sa chleachtas cliniciúil. Leag an phaindéim béim ar an tábhacht a bhaineann le hidircheangailteacht sláinte daoine, ainmhithe, plandaí agus timpeallachta, ar a dtugtar coincheap na Comhshláinte.

Is iad na hothair a úsáideann ár gcógais, ár ngairis agus ár dtáirgí sláinte agus is iad an grúpa páirtithe leasmhara is tábhachtaí atá againn. Tá rialtóirí ag díriú a n-aird níos mó agus níos mó ar an ngá atá ann tuairimí an phobail agus tuairimí na n-othar a bheith mar chuid den phróiseas rialála. Cé go bhfuil tionscnaimh ar leith tugtha chun cinn againn le blianta beaga anuas, tríd an bplean seo táimid tiomanta do rannpháirtíocht níos mó a fhorbairt le hothair, agus creidimid go gcuirfidh sé sin go mór le cinntí rialála níos leithne agus níos feasaí.

Tarlóidh mórathruithe reachtaíochta sna cúig bliana amach romhainn, le cur chun feidhme Rialacháin AE maidir le trialacha cliniciúla, leigheasanna tréidliachta, feistí leighis agus diagnóisic in-vitro, agus beidh tionchar suntasach ag gach ceann de na Rialacháin ar oibriú an chórais rialála ábhartha. Is ionann iad agus mórthionscadail don HPRa lena mbeidh gá cur le reachtaíocht náisiúnta, rannpháirtíocht fhairsing leis na páirtithe leasmhara ar fad, agus forbairt a dhéanamh ar acmhainní faisnéise dóibh sin a bhfuil tionchar ag an reachtaíocht orthu.

Is tráth é seo ina mbíonn éileamh an phobail ar fhaisnéis ag méadú, agus ina mbíonn an iliomad foinsí faisnéise ann, foinsí nach féidir brath orthu ó am go chéile. D'fhéadfadh faisnéis chontrártha agus iliomad cainéal cumarsáide beag is fiú a dhéanamh den rithábacht a bhaineann leis an gcóras rialála. Coinneoimid fócas ar thuiscint maidir leis an obair a bhíonn ar bun againn a neartú, de bheith trédhearcach maidir le cinnteoireacht, cumarsáid a dhéanamh go tráthúil trí chainéil iomchuí, agus rioscaí a bheadh ag teacht chun cinn a shainiú agus a bhainistiú go cuí.

Tá borradh as cuimse tagtha ar an nuálaíocht eolaíochta agus ar an nuálaíocht teicneolaíochta le blianta beaga anuas leis an dul chun cinn i gcógais phearsantaithe, le táirgí sláinte agus faisnéis dhigiteach a thabhairt le chéile agus le teicneolaíochtaí déantúsaíochta nuálacha. D'fhéadfadh táirgí nuálacha torthaí níos fearr a bhaint amach d'othair ach d'fhéadfaidís dúshlán a chruthú don chóras rialála reatha chomh maith leis an ngá atá le tacaíochtaí cuí a chruthú. Cuirfimid go mór le cur chuige tráthúil agus leanúnach maidir le táirgí nuálacha a rialú trí bheith ag obair i gcomhar le comhpháirtithe Eorpacha agus le comhpháirtithe idirnáisiúnta. Caithfimid an saineolas riachtanach a fhorbairt chun rialú a dhéanamh go héifeachtach i dtimpeallacht dhigiteithe.

Forbraíodh an Straitéis ar bhealach thar a bheith comhoibríoch, lena raibh baint ag an bhfoireann ar fad agus ag comhaltaí an Údarás agus ag na coistí comhairleacha reachtúla. Chuir comhairliúchán poiblí aiseolas ar fáil ó go leor páirtithe leasmhara chun cuidiú le forbairt an phlean a threorú. Ba mhaith linn buíochas a ghabháil leosan ar fad as am a chur i leataobh agus as a n-dícheall a dhéanamh aighneachtaí a chur isteach, agus cuireadh sin san áireamh agus an phlean seo á ullmhú.

Beidh leibhéal ard tiomantais agus iarrachta de dhíth ó gach duine maidir le cur chun feidhme, a bheidh cumasaithe trí fhorbairt leanúnach ár bhfoireann, trí bhealaí oibre, agus trí chlár claochlaithe digiteach. Áireofar na príomhspriocanna sa Chomhaontú um Fheidhmeanna a Sholáthar leis an Roinn Sláinte. Déanfar gníomhaíochtaí mionsonraithe a phleanáil agus a sheachadadh trí thimthriall pleanála gnó bliantúil, agus déanfar monatóireacht ar chur chun feidhme trí thuairisciú don bhainistíocht shinsearach agus don Údarás.

Táimid ag tnúth go mór le hoibriú leis an Údarás, comhaltaí an choiste chomhairligh agus lenár bhfoireann chun an straitéis seo a bhaint amach in am lena mbaineann éiginnteacht, ach an-acmhainneacht luach rialála tháirgí sláinte a fheabhsú do dhaoine, ainmhithe agus don chóras sláinte.



Ann Horan
Cathaoirleach



Lorraine Nolan
Príomhfheidhmeannach

Na nithe a rialaímid

- Cógais don duine
- Cógais tréidliachta
- Feistí leighis lena n-úsáid ag an duine
- Trialacha cliniciúla
- Fuil agus comhábhair fola
- Fíochán agus ceall daonna
- Orgáin daonna don trasphlandú
- Substaintí rialaithe
- Cosmaidí
- Ainmhithe a úsáid chun críche eolaíochta

Mar a rialaímid

- Déanaimid cigireacht ar chuideachtaí agus ar shaoráidí a thástálann, a dhéanann nó a dháileann táirgí sláinte lena chinntiú go gcomhlíonann siad caighdeáin agus reachtaíocht ábhartha
- Bronnaimid ceadúnais do chuideachtaí chun leigheasanna a dhéanamh, a dháileadh agus chun margaíocht a dhéanamh orthu i ndiaidh athbhreithniú a dhéanamh ar a sábháilteacht, ar a gcáilíocht agus ar a n-éifeachtacht
- Déanaimid monatóireacht leanúnach ar chógais, feistí leighis agus táirgí sláinte eile, aon ábhar inní maidir le sábháilteacht nó maidir le cáilíocht a fhreagairt
- Cuirimid faisnéis maidir le sábháilteacht agus maidir le cáilíocht i dtoll a chéile chun tacú le húsáid shábháilte táirgí leighis

Ár misean, ár bhfís agus ár luachanna

Ár misean

Rialaímid cógais agus feistí ar mhaithe le leas an phobail agus ainmhithe

Ár bhfís

Barr feabhais maidir le rialáil táirgí sláinte tríd an eolaíocht, trí chomhoibriú agus trí nuálaíocht

Ár Luachanna

Dírithe ar an othar

Tugaimid tús aite do na daoine a úsáideann táirgí sláinte

Ionracas

Táimid neamhspleách, trédhearcach agus freagrach

Comhoibriú

Oibrímid le daoine eile i gcomhpháirtíocht, le meas agus le trust

Cuimsiú

Creidimid in iléagsúlacht agus go mbeadh gach duine ar chomhchéim

Barr feabhais

Oibrímid i dtreo na gcaighdeán pearsanta, gairmiúil agus eolaíochta is airde dá bhfuil ann

Nuálaíocht

Táimid seasta ag foghlaim, ag dul in oiriúint agus ag feabhsú

Ár straitéis

Ag cur torthaí níos fearr ar fáil d'othair trí tháirgí sláinte a rialáil go comhoibríoch

Ár gcuaspóirí

Spríoc 1



Comhpháirtíochtaí sna córais sláinte

Ár gcomhoibríthe i ngach réimse den chóras sláinte a neartú

Dul i ngleic leis na dúshláin agus leis na tosaíochtaí maidir le sláinte phoiblí atá ann faoi láthair agus na cinn atá ag teacht chun cinn

Cur le ról an HPRa, mar chomhpháirtí agus mar rannpháirtí laistigh den chóras sláinte, chun an toradh is fearr a bhaint amach maidir le húsáid shábháilte agus éifeachtach táirgí sláinte

Feabhas a chur le córais náisiúnta chun rialáil níos fearr a dhéanamh ar tháirgí sláinte ainmhithe agus ar úsáid ainmhithe chun críocha eolaíochta

Spríoc 2



Rialáil fhorásach

An úsáid a mbainimid as ár gcur chuige comhréireach agus oiriúnaitheach chun torthaí níos fearr a bhaint amach d'othair

An leas is fearr is féidir a bhaint as reachtaíocht nua chun feabhas a chur ar rialáil tháirgí sláinte

Úsáid cuir chuige bunaithe ar riosca maidir le rialáil a neartú

Aghaidh a thabhairt ar an tionscal domhandaithe agus ar na margaí

Spríoc 3



Cumarsáid agus rannpháirtíocht

Ár múnlaí maidir le rannpháirtíocht a fheabhsú d'fhonn trust agus muinín an phobail a neartú

Dul i mbun rannpháirtíochta le páirtithe leasmhara chun feabhais i mbearta rialála a chur chun cinn

Trust sa chóras rialála a neartú trí thrédhearcacht agus trí shoiléireacht níos fearr

Tuilleadh forbartha ar acmhainní faisnéise agus ar ardáin chumarsáide

Spríoc 4



Nuálaíocht a chumasú

Ár gcuid tacaíochtaí do nuálaíocht ó haimsiú go dtí ceadú rialála

Cur chuige sofheagrúil maidir le rialáil chuí ar nuálaíochtaí a chur chun cinn

Cur le taighde in Éirinn trí fhor-rochtain agus trí dhul i mbun rannpháirtíochta

Tús áite a thabhairt do réimsí nuálaíochta maidir le forbairt na heagraíochta

Céard air a bheimid ag díriú

Spríoc 5



Foireann den scoth, próisis den scoth

Ár n-eagraíocht agus ár bhfoireann a fhorbairt chun ár n-aidhmeanna a bhaint amach go rathúil

Ár bhfoireann a fhorbairt agus a cumhachtú chun go n-éireoidh go maith leo

Éifeachtacht na heagraíochta a fheabhsú trí leas níos fearr agus níos leithne a bhaint as teicneolaíochtaí digiteacha

Bealaí oibre níos fearr a chruthú don eagraíocht, dá páirtithe leasmhara agus don chomhshaol

Cobhsaíocht airgeadais agus cumas freastal ar riachtanais na heagraíochta amach anseo a chinntiú

Céard a chaithfidh a dhéanamh chun go n-éireoidh linn

Sprioc 1



Comhpháirtíochtaí sna córais sláinte

Ár gcomhoibrithe
i ngach réimse den
chóras sláinte a
neartú



Sprioc 1: Comhpháirtíochtaí sna córais sláinte

Ár gcomhoibrithe i ngach réimse den chóras sláinte a neartú

Cuspóirí	Bearta	Torthaí
1.1 Dul i ngleic leis na dúshláin agus leis na tosaíochtaí maidir le sláinte phoiblí atá ann faoi láthair agus na cinn atá ag teacht chun cinn	Feabhas a chur ar ullmhacht d'athrú suntasach, do bhagairtí, agus do ghéarchéimeanna a mbíonn tionchar orthu ar rialáil táirgí sláinte agus ar a gcuid infhaighteacht.	Maidir le meicníochtaí agus le córais fhoirmeálta in éineacht le comhpháirtithe chórais rialála agus le comhpháirtithe sláinte, cuireann siad freagrúlacht, leanúnachas agus teacht aniar níos mó ar fáil.
	Comhoibriú leis an Rialtas, leis an gcóras sláinte agus le páirtithe leasmhara eile chun rialáil agus infhaighteacht táirgí sláinte a bhainistiú tar éis an Bhreathimeachta.	Tionchar an Bhreathimeachta ar infhaighteacht táirgí sláinte a laghdú agus bearta a chur i bhfeidhm d'fhonn lánpháirtíocht le margatí Eorpacha eile a threisiú.
	Obair i gcomhar le córais sláinte, le rialtóirí agus le lucht déanta beartas go náisiúnta agus go hidirnáisiúnta maidir le rialáil agus le faireachas ar chógaís, ar fheistí leighis agus ar dhiagnóisic agus ar vacsaíní in aghaidh Covid-19.	Déantar rialáil agus monatóireacht láidir ar dhiagnóisic, ar theiripic agus ar vacsaíní in aghaidh Covid-19 a úsáidtear in Éirinn agus cuirfear faisnéis cothrom le dáta ar fáil do na páirtithe leasmhara ar fad.
	Cur le tionscnaimh na Comhshláinte lena n-áirítear frithsheasmhacht in aghaidh ábhair fhrithmhiocróbaigh agus tionchair tháirgí sláinte ar an gcomhshaol.	Tuiscint níos fearr maidir leis na tionchair níos leithne a bhaineann le táirgí sláinte agus gníomhartha tógtha tionchair dhochracha a laghdú.
1.2 Cur le ról an HPRA, mar chomhpháirtí agus mar rannpháirtí laistigh den chóras sláinte, chun an toradh is fearr a bhaint amach maidir le húsáid shábháilte agus éifeachtach táirgí sláinte	Córais do mhalartú faisnéise agus do thuairisciú neartú agus ar tháirgí sláinte idir comhpháirtithe chórais rialála, gairmithe cúraim sláinte, daoine den phobal agus an HPRA.	Cuireann cáilíocht agus éagsúlacht sonraí le monatóireacht agus le faireachas thar shaolré tháirge sláinte.
	Leas a bhaint as iarrachtaí comhoibríocha chun freagraí ar fud an chórais ar shaincheisteanna tábhachtacha tháirgí sláinte a chur chun cinn agus tacú leo.	Cumasaíonn rannpháirtíocht ar fud pháirtithe leasmhara freagraí comhtháite agus comhordaithe ar shaincheisteanna tábhachtacha tháirgí sláinte.
	Feabhas a chur le tuiscint ar an tslí is fearr gníomh rialála tábhachtacha a leabú agus a chur chun feidhme i chleachtas cliniúil go náisiúnta.	Cuir chuige atá forbartha chun an tionchar agus an éifeachtacht a bhaineann le gníomh rialála suntasach a mheas ag leibhéal náisiúnta.
	Cur le cur chun feidhme an chláir Sláintecare maidir le cúram sláinte a chur ar fáil.	Ceanglais rialála ar tháirgí sláinte a bheith mar bhonn eolais agus ag cur feabhais ar fhorbairtí an chórais sláinte.
	Tacú le forbairt leanúnach an bhonneagair thaighde cliniúil in Éirinn.	Bíonn teacht againn ar thacaíochtaí comhtháite agus ar chóras sruthlíne do cheaduithe maidir le staidéar cliniúil.
1.3 Feabhas a chur le córais náisiúnta chun rialáil níos fearr a dhéanamh ar tháirgí sláinte ainmhithe agus ar úsáid ainmhithe chun críoche eolaíochta	Feidhmiú na bprionsabal 3R a leabú i dtaighde in Éirinn atá bunaithe ar ainmhithe.	Tionscadal agus trialacha cliniúla a dhéantar in Éirinn a bheith ag teacht le dea-chleachtas idirnáisiúnta maidir leis na 3R.
	An córas faireachais cógas a neartú trí mhodhanna agus trí huirlisí nua maidir le hanailís agus cur chun cinn a dhéanamh ar thuarascálacha agus faisnéis shábháilteachta a scaipeadh ar ghairmithe cúraim sláinte agus ar úinéirí ainmhithe.	Tá an córas faireachais cógas níos freagrúla agus níos éifeachtaí, agus tá méadú tagtha ar thuairisciú a dhéanann gairmithe cúraim sláinte agus úinéirí ainmhithe.

Spríoc 2



Rialáil fhorásach

An úsáid a mbainimid
as ár gcur chuige
comhréireach agus
oiriúnaitheach chun
torthaí níos fearr a
bhaint amach
d'othair



Sprioc 2: Rialáil fhorásach

An úsáid a mbainimid as ár gcur chuige comhréireach agus oiriúnaitheach chun torthaí níos fearr a bhaint amach d'othair

Cuspóirí	Bearta	Torthaí
2.1 An leas is fearr is féidir a bhaint as reachtaíocht nua chun feabhas a chur ar rialáil tháirgí sláinte	Comhpháirtíochtaí pháirtithe leasmhara a fhorbairt chun tacú le reachtaíocht nua d'fheistí leighis, trialacha cliniciúla agus cógais tréidliachta.	Cur chun feidhme a chuireann luach ar fáil do na páirtithe leasmhara ar fad, a laghdaíonn ualach rialála nuair is cuí, agus a chinntíonn go gcosnófar úsáideoirí táirgí sláinte.
	Cuir chuige líonra Eorpach, saineolas a fhorbairt agus spleáchas frithpháirteach i measc rialtóirí de réir ceanglas nua a chur chun cinn.	Comhoibriú neartaithe ar fud líonra rialála AE lena mbaineann tionchair intomhaiste.
	Tionchar a bheith ar fhorbairt reachtaíochta náisiúnta d'fhonn caighdeáin agus rialáil a fheabhsú.	Bearnaí i gcuir chuige rialála agus i réimsí nach gcumhdaítear le rialáil a shainaithint agus beart a ghlacadh ina leith.
2.2 Úsáid cuir chuige bunaithe ar riosca maidir le rialáil a neartú	Tuilleadh forbartha ar chumais inmheánacha réimsí riosca a shainaithint trí leas níos fearr a bhaint as foinsí intleachta.	Inniúlacht eagraíochtúil maidir le riosca agus le prionsabail bhainistithe riosca a ardú. Foinsí intleachta a shainaithint d'fhonn rioscaí a bheadh ag teacht chun cinn a bhainistiú ar bhealach réamhghníomhach.
	Cuir chuige maidir le measúnú, le monatóireacht ar chomhlíonadh agus le forfheidhmiú de réir rioscaí sainaitheanta.	Maidir le straitéisí bunaithe ar riosca, úsáid níos mó a bhaint as cuir chuige réamhghníomhach agus leibhéal neamhchomhlíontach a laghdú.
	Fócas ar bhainistiú saolré inár gcur chuige rialála a fheabhsú.	Léiriú ar chuir chuige de réir sonraí, ar chuir chuige oiriúnaitheacha de réir rioscaí chun tacú le cinntí rialála réamhcheadaitheacha agus iarcheadaitheacha.
2.3 Aghaidh a thabhairt ar an tionscal domhandaithe agus ar na margaí	Leas níos fearr a bhaint as spleáchas frithpháirteach i measc rialtóirí ar fud an domhain.	Léiriú ar thionchar maidir le cuspóirí straitéiseacha na líonraí Eorpacha agus idirnáisiúnta i ndáil le spleáchas frithpháirteach.
	Treallús ar fhorbairt maidir cóineasú agus comhchuibhiú idirnáisiúnta níos mó ar chaighdeáin rialacháin.	Rannpháirtíocht agus rannchuidiú gníomhach i gcoistí agus i dtionscail idirnáisiúnta ábhartha.
	Cumarsáid níos fearr maidir le riosca agus le comhroinnt faisnéise a chur chun cinn i measc rialtóirí ar fud an domhain.	Léiriú ar thionchar maidir le bunú bonneagair chun tacú le comhroinnt faisnéise i measc rialtóirí ar fud an domhain.

Sprioc 3



Cumarsáid agus rannpháirtíocht

Ár múnlaí maidir le
rannpháirtíocht a
fheabhsú d'fhonn
trust agus muinín an
phobail a neartú



Spríoc 3: Cumarsáid agus rannpháirtíocht

Ár múnlaí maidir le rannpháirtíocht a fheabhsú d'fhonn trust agus muinín an phobail a neartú

Cuspóirí	Bearta	Torthaí
3.1 Dul i mbun rannpháirtíochta le páirtithe leasmhara chun feabhais i mbearta rialála a chur chun cinn	Straitéisí nua rannpháirtíochta agus cumarsáide a fhorbairt i gcomhar le páirtithe leasmhara.	Tugtar faoi anailís pháirtithe leasmhara ar bhonn rialta, léirítear meas ar a gcuid tuairimí agus cuirtear san áireamh iad ar fud bhearta corparáideacha agus rialála.
	Léargas othar agus an phobail a úsáid mar bhonn eolais dár gclár rialála agus dár gclár monatóireachta sábháilteachta.	Léiriú ar mhúnla comhpháirtíochta réamhghníomhach bunaithe ar éisteacht, tuiscint agus cumarsáid a dhéanamh leis an bpobal.
	Leibhéal níos mó den rannpháirtíocht leanúnach a bhunú le gairmithe cúraim sláinte agus lena gcuid comhlachtaí ionadaíochta.	Cuireann rannpháirtíocht le gairmithe cúraim sláinte sábháilteacht níos mó ar fáil d'othair agus leis an úsáid is fearr is féidir a bhaint as táirgí sláinte.
3.2 Trust sa chóras rialála a neartú trí thrédhearcacht agus trí shoiléireacht níos fearr	Feasacht agus tuiscint ar ról an HPRA maidir le sláinte daoine agus le sláinte ainmhithe a chosaint a chur chun cinn.	Próifíl phoiblí na gníomhaireachta agus léargas ar thrust níos fearr maidir le rialáil tháirgí sláinte.
	Foilsitheoireacht faisnéise shoiléir, ábhartha agus intuigthe a mhéadú.	Eolas agus tacar sonraí breise foilsithe lena mbaineann thrédhearcacht níos fearr maidir leis an bpróiseas measúnaithe.
	Dea-chleachtais reatha a thabhairt isteach maidir le heolaíocht agus le riosca a chur in iúl.	Cumas níos fearr cumarsáid a dhéanamh go ríshoiléir agus cuimhneamh a bheith agat ar an bhfaighteoir.
3.3 Tuilleadh forbartha ar acmhainní faisnéise agus ar ardáin chumarsáide	An láithreán gréasáin a fhorbairt mar phríomhuirlis cumarsáide maidir le hidirghníomhú le páirtithe leasmhara agus mar fhoinsé údaráisach d'fhaisnéis rialála iontaofa.	Cumarsáidí le páirtithe leasmhara a chomhtháthú le próisis eagraíochtúla. Ábhar tráthúil don suíomh idirlín i dteanga shimplí ar fáil i bhformáidí cuí do na grúpaí éagsúla páirtithe leasmhara atá ann.
	Úsáid níos mó a bhaint as na meáin shóisialta agus as modhanna cumarsáide eile lena n-áirítear modhanna traidisiúnta agus modhanna nach bhfuil baint acu leis na meáin nuair is cuí.	Freastal níos mó agus éagsúlacht ábhair ar fud na luchtanna spéise éagsúla agus na gcainéal éagsúil, ag tacú le teachtaireachtaí sábháilteachta ríthábhachtacha.
	Cur le clár oideachais do spriocghrúpaí ríthábhachtacha.	Tá raon acmhainní ar fáil d'othair agus do ghairmithe cúraim sláinte agus do thaighdeoirí ag pointí ábhartha le linn a ngairmeacha.

Sprioc 4



Nuálaíocht a chumasú

Ár gcuid tacaíochtaí do nuálaíocht ó haimsiú go dtí ceadú rialála



Spríoc 4: Nuálaíocht a chumasú

Ár gcuid tacaíochtaí do nuálaíocht ó haimsiú go dtí ceadú rialála

Cuspóirí	Bearta	Torthaí
4.1 Cur chuige sofheagrúil maidir le rialáil chuí ar nuálaíochtaí a chur chun cinn	Rannhuidiú go gníomhach le tionscnaimh AE agus idirnáisiúnta maidir le scanadh scóipe/ar atá ar na bacáin.	An córas rialála a bheith in áit mhaith le haghaidh a thabhairt ar thimpeallacht dhinimiciúil eolaíocht na beatha.
	Tacú le huirlisí agus le cur chuige eolaíochta rialála a fhreagraíonn go héifeachtach do nuálaíocht eolaíoch agus do nuálaíocht teicneolaíochta.	Teiripí agus teicneolaíochtaí nuálacha a rialáil go héifeachtach agus rochtain shábháilte thráthúil a éascú.
	Comhoibriú agus lánpháirtíocht a chur chun cinn idir líonraí rialála agus chreataí rialála le comhchuibhiú a éascú agus dúbláil a sheachaint.	Treoir agus caighdeáin rialála a bheith ag foráil don mheasúnacht leanúnach agus comhtháite de tháirgí imeallacha/comhcheangailte.
4.2 Cur le taighde in Éirinn trí fhor-rochtain agus trí dhul i mbun rannpháirtíochta	Obair le comhpháirtithe náisiúnta leas a bhaint as líonraí atá ann cheana chun feasacht a ardú maidir le tacaíochtaí rialála i measc thaighdeoirí eolaíochta na beatha in Éirinn.	Meicníochtaí bunaithe i bhfeidhm d'fhonn for-rochtain chórasach a dhéanamh ar phobail taighde ábhartha.
	Comhairle agus treoir a chur ar fáil do thaighdeoirí ar féidir teacht orthu i rith an timthrialla forbartha.	Taighdeoirí ag baint leas go rialta as comhairle rialála agus as comhairle eolaíochta arna soláthar ag an HPRA nó ag an gcóras rialála Eorpaigh.
	Dul i mbun rannpháirtíochta le taighdeoirí agus le forbróirí Éireannacha chun meicníochtaí agus tionscnaimh thacaíochta a aithint a éascóidh cleachtas cliniciúil a dhéanamh de thaighde.	Ionchur ó thaighdeoirí a bheith mar bhonn eolais d'fhorbairt ar thacaíochtaí rialála nua nó ar thacaíochtaí rialála feabhsaithe. Taighdeoirí Éireannacha a bheith rannpháirteach i dtionscnaimh atá dírithe ar an earnáil seo.
4.3 Tús áite a thabhairt do réimsí nuálaíochta maidir le forbairt na heagraíochta	Straitéis a shainnithneoidh príomhréimsí nuálaíochta do speisialtóireacht na heagraíochta a fhorbairt agus a chur chun feidhme	Clár gníomhaíochtaí d'inniúlacht a fhorbairt i réimsí fócais a bhaineann le hothair, leis an bpobal taighde agus le hearnáil eolaíochta na beatha in Éirinn.
	Eolas agus scileanna a fhorbairt chun dul i mbun rialála i dtimpeallacht dhigitithe ina gcuimsítear próisis rialála, táirgí, déantúsaíocht, mórdhíol agus cúram sláinte a chur ar fáil.	Cuireann cumais le agus bíonn ar chomhchéim le dul chun cinn sa réimse digitithe sa timpeallacht rialála.
	Dul i mbun rannpháirtíochta le líonra rialála AE go n-uasmhéadófar ranníocaíochtaí i leith saineolas rithábhachtach.	Leibhéal mhéadaithe maidir le comhairle laistigh de réimsí saineolais ar leith.

Spríoc 5



Foireann den scoth, próisis den scoth

Ár n-eagraíocht
agus ár bhfoireann
a fhorbairt chun ár
n-aidhmeanna a
bhaint amach go
rathúil



Spríoc 5: Foireann den scoth, próisis den scoth

Ár n-eagraíocht agus ár bhfoireann a fhorbairt chun ár n-aidhmeanna a bhaint amach go rathúil

Cuspóirí	Bearta	Torthaí
5.1 Ár bhfoireann a fhorbairt agus a cumhachtú chun go n-éireoidh go maith leo	Straitéis daoine nua a cheapadh agus a chur i bhfeidhm.	Straitéis ar fud na heagraíochta bunaithe ar scileanna agus ar inniúlachtaí a fhorbairt chun láthair oibre acmhainneach, athraitheach a chinntiú. Eispéireas fostaithe agus folláine breisithe ag an obair. Obair bunaithe ar luachanna, obair fhiúntach a bheith ar bun.
	Príomhréimsí saineolais agus riachtanais scileanna amach anseo a shainmhíniú.	Bealaí forbartha comhaontaithe maidir le rochtain a fháil ar phríomhscileanna, e.g. cláir oiliúna, earcaíocht, oibríthe ar conradh.
	Cur le cumas ceannaireachta chun an eagraíocht a bhainistiú trí athrú agus trí fhorás.	Eagraíocht acmhainneach, sholúbtha, fhreagrúil agus inoiriúnaithe chun dul i ngleic le dúshlán a thiocfaidh chun cinn.
5.2 Éifeachtacht na heagraíochta a fheabhsú trí leas níos fearr agus níos leithne a bhaint as teicneolaíochtaí digiteacha	Bainistiú cás a chomhdhlúthú le bheith ar ardán aonair go mbaintear an leas is fearr as. Cur le cáilíocht sonraí agus le cumais tacaíochta cinnteoireachta.	Próisis oibríochta agus anailísíochta sruthlínithe. Castacht na timpeallachta teicneolaíochta a laghdú.
	Síneadh a chur le rannpháirtíocht dhigiteach le páirtithe leasmhara agus comhtháthú le príomhfheidhmchláir a chur ar fáil.	Rannpháirtíocht le páirtithe leasmhara agus rannchuidiú ar an gcóras sláinte náisiúnta a fheabhsú. Lánpháirtíocht le líonra rialála na hEorpa a fheabhsú.
	Feidhmíocht agus acmhainneacht an bhonneagair teicneolaíochta a fheabhsú. Cur le slándáil an bhonneagair dhigitigh.	Próifíl riosca teicneolaíochta feabhsaithe agus solúbthacht oibríochta breisithe. Riosca laghdaithe maidir le cibirionradh nó le cailliúint sonraí.
5.3 Bealaí oibre níos fearr a chruthú don eagraíocht, dá páirtithe leasmhara agus don chomhshaol	An dearadh eagraíochta is fearr a shainmhíniú chun tacú lenár gcúram a chur i gcrích faoi láthair agus don todhcháí.	Struchtúir eagraíochta inbhuanaithe a bhfuil plean láidir comharbais agus straitéis daoine mar bhonn taca leis.
	Múnla oibre a fhorbairt a oireann don timpeallacht atá ag athrú agus do thodhcháí na hoibre.	Cur chuige solúbtha chun tacú le feidhmíocht agus le táirgiúlacht a chabhródh le múnla inoiriúnaithe oibre a chur ar bun.
	Modheolaíochtaí tras-eagraíochta a fheabhsú chun bainistiú níos fearr a dhéanamh maidir le hacmhainn agus le feidhmíocht na heagraíochta.	Úsáid chothrom acmhainní, comhsheasmhacht na bpróiseas, agus úsáid níos fearr a bhaint as saineolas ar fud réimsí feidhme éagsúla.
	Leanúint de bhearta a ghlacadh a chothóidh níos mó cleachtas nach ndéanann dochar don chomhshaol.	Spríocanna an Rialtais maidir le héifeachtacht fuinnimh don earnáil phoiblí a bhaint amach, an fhoireann a spreagadh chun a gcuid úsáid fuinnimh agus astuithe CO ₂ a laghdú, agus gur léiriú iad na hearraí a cheannaítear ar bhreithnithe comhshaoil, nuair is féidir.
	Comhlíonadh leanúnach a chinntiú le dualgas comhionannas na hearnála poiblí agus chearta an duine.	Comhionannas deiseanna agus an bealach ina gcaitear leis an bhfoireann, le páirtithe leasmhara agus leis na daoine a ndéanaimid cumarsáid agus caidreamh leo.



Cuspóirí	Bearta	Torthaí
5.4 Cobhsaíocht airgeadais agus cumas freastal ar riachtanais na heagraíochta amach anseo a chinntiú	Samhaltú airgeadais agus táillí a nuashonrú chun an timpeallacht atá ag athrú a ghlacadh san áireamh don eagraíocht agus d'earnálacha rialáilte.	Córais airgeadais sheasmhacha leis an eagraíocht a bhainistiú i staid sheasta agus lena bhfuil athruithe leanúnacha sa timpeallacht sheachtrach.
	Tabhairt faoi athbhreithniú struchtúrtha ar an úsáid a bhaintear as an mbonneagar agus as na pleananna úsáide chun na paraidímí nua oibre a léiriú.	Acmhainní a úsáid ar shlí éifeachtúil agus inbhuanaithe lena n-áirítear an foirgneamh.

